



Polasaí Frith-Bhulaíochta 2014

Anti-Bullying Policy 2014

1. Réamhrá *Introduction*

Is bunscoil lán-Ghaeilge, comhoideachas, Chaitliceach í Gaelscoil Thaobh na Coille, a bunaíodh sa bhliain 1995 faoi phátrúnacht an Fhorais Pátrúnachta. Freastalaíonn an scoil ar an éileamh d'oideachas bunscoile trí mheán na Gaeilge sa cheantar máguaird.

Gaelscoil Thaobh na Coille is an all-Irish co-educational, Catholic primary school, established in 1995 under the patronage of the Foras Pátrúnachta. The school caters for the demand for primary education through the medium of Irish in the locality.

I gcomhréir le coinníollacha an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na treoirínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an polasaí frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an polasaí go huile agus go hiomlán do choinníollacha “Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile” a foilsíodh i Meán Fómhair 2013 is atá ar fáil ar www.education.ie. Cuireadh an Polasaí Frithbhulaíochta seo le chéile le comhoibriú ó Mhúinteoirí, Coiste na dTuismitheoirí agus Bord Bainistíochta na scoile.

In accordance with the requirements of the Education (Welfare) Act 2000 and the code of behaviour guidelines issued by the National Educational Welfare Board, the Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille has adopted the following anti-bullying policy within the framework of the school's overall code of behaviour. This policy fully complies with and follows the requirements of the “Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools” which were published in September 2013 and is available to download in www.education.ie. This Anti-Bullying Policy was drafted in collaboration with the Teachers, Parents' Association Committee and Board of Management.

Má tá difríocht idir a bhfuil scríofa as Gaeilge agus as Béarla sa pholasaí seo, glactar leis an leagan Gaeilge mar an leagan cruinn agus an leagan Bhéarla mar aistriúcháin.

Should there be any discrepancy between the Irish and English in this policy, it is accepted that the Irish is the correct version and the English is provided as a translation.

2. Sainmheon na Scoile *Ethos*

Aithnímid i nGaelscoil Thaobh na Coille gur pobal sinn; an fhoireann scoile, na páistí agus na tuismitheoirí/caomhnóirí agus go bhfuil sé riachtanach na páistí a chosaint. Tá sé mar aidhm againn scoil shábháilte dhearfach a chothú ina dtugtar deis do gach páiste a c(h)umas a chur chun cinn. Cuirtear an polasaí frithbhulaíochta seo i bhfeidhm i gcomhthéacs an Chóid Iompair agus an Pholasaí Chaomhnú Páistí.

We recognise, in Gaelscoil Thaobh na Coille that we are a community; the school staff, pupils and parents and that it is imperative that we protect our children. We strive to create a positive, safe school where children can realise their full potential. This anti-bullying policy is put into practice in the context of the Code of Behaviour and the Child Protection Policy.

Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail deachleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac.

- Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil (féach Aguisín 1)
 - ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
 - ina spreagtar daltaí le bheith ionraic agus leis an fhírinne a insint i gcónaí;
 - ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach;
 - ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn i measc pobal na scoile;
- Ceannaireacht éifeachtach;
- Cur chuige na scoile uile;
- Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige
- Straitéisí oideachais agus coiscthe a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)
 - a chothaíonn ionbhá, meas agus teacht aniar sna daltaí;
 - ina dtéitear i ngleic go dearfa le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht.
- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- Tacaíochtaí don fhoireann;
- Eachtraí bulaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus
- Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an polasaí frithbhulaíochta.

The Board of Management recognises the very serious nature of bullying and the negative impact that it can have on the lives of pupils and is therefore fully committed to the following key principles of best practice in preventing and tackling bullying behaviour

- *A positive school culture and climate (see Appendix 1) which-*
 - *is welcoming of difference and diversity and is based on inclusivity;*
 - *encourages pupils to be honest and truthfull at all times;*
 - *encourages pupils to disclose and discuss incidents of bullying behaviour in a non-threatening environment;*
 - *promotes respectful relationships across the school community;*
- *Effective leadership;*
- *A school-wide approach;*
- *A shared understanding of what bullying is and its impact;*
- *Implementation of education and prevention strategies (including awareness raising measures) that*
 - *build empathy, respect and resilience in pupils;*
 - *explicitly address the issues of cyber-bullying and identity-based.*
- *Effective supervision and monitoring of pupils;*
- *Supports for staff;*
- *Consistent recording, investigation and follow up of bullying behaviour (including use of established intervention strategies);*
- *On-going evaluation of the effectiveness of the anti-bullying policy.*

3. Sainmhíniú ar Bhulaíocht *Definition of Bullying*

I gcomhréir le “Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile” seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht:

“An rud a thuigtear le bulaíocht ná **iompar diúltach neamhiarrtha**, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus **a dhéantar arís agus arís eile.**”

In accordance with the Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools bullying is defined as follows:

“Bullying is unwanted negative behaviour, verbal, psychological or physical conducted, by an individual or group against another person (or persons) and which is repeated over time.”

Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

- Dochar fisiciúil a dhéanamh do dhuine
- duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine
- cibearbhulaíocht
- bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

The following types of bullying behaviour are included in the definition of bullying:

- *causing physical harm to others*
- *deliberate exclusion, malicious gossip and other forms of relational bullying*
- *cyber-bullying*
- *identity-based bullying such as homophobic bullying, racist bullying, bullying based on a person's membership of the Traveller community and bullying of those with disabilities or special educational needs.*

Ní chlúdaíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht eachtraí aonarachá nó eachtraí aon uaire d'iompar diúltach d'aon ghnó, lena n-áirítear téacsteachtairacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile, ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Isolated or once-off incidents of intentional negative behaviour, including a once-off offensive or hurtful text message or other private messaging, do not fall within the definition of bullying and should be dealt with, as appropriate, in accordance with the school's code of behaviour.

Ach, i gcomhthéacs an pholasaí seo, féachfar ar theachtairacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh gréasáin, líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a bheith feicthe agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bhulaíochta.

However, in the context of this policy, placing a once-off offensive or hurtful public message, image or statement on a social network site or other public forum where that message, image or statement can be viewed and/or repeated by other people will be regarded as bullying behaviour.

Déileálfar le hiompar diúltach, nach n-áirítear sa sainmhíniú seo, de réir chód iompair na scoile.

Negative behaviour that does not meet this definition of bullying will be dealt with in accordance with the school's code of behaviour.

Cineálacha Bulaíochta *Types of Bullying*

Iompar ginearálta a bhaineann le gach cineál bulaíochta <i>General behaviours which apply to all types of bullying</i>	
Ciapadh á dhéanamh ar aon cheann de na naoi bhforas idirdhealaithe m.sh. gnéaschiapadh, bulaíocht hómáfóbach, bulaíocht chiníoch &rl.	<i>Harassment based on any of the nine grounds in the equality legislation e.g. sexual harassment, homophobic bullying, racist bullying etc.</i>
Ionsaitheacht fhísiciúil	<i>Physical aggression</i>
Dochar do mhaoin	<i>Damage to property</i>
Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine	<i>Name calling</i>
Magadh faoi dhuine	<i>Slagging</i>
An stiúiriú, léiriú nó cur timpeall de phictiúir, focail scríofa nó ábhair imeaglaithe dírithe ar dhuine eile	<i>The production, display or circulation of written words, pictures or other materials aimed at intimidating another person</i>
Graifítí ionsaitheach	<i>Offensive graffiti</i>
Sracadh	<i>Extortion</i>
Imeagló	<i>Intimidation</i>
Comharthaí/geaitsí maslacha nó ionsaitheacha	<i>Insulting or offensive gestures</i>
An “fhéachaint”	<i>The “look”</i>
Cur isteach ar spás pearsanta	<i>Invasion of personal space</i>
Meascán de na gnéithe luaite	<i>A combination of any of the types listed</i>
Cibearbhulaíocht <i>Cyberbullying</i>	
Aithisiú: ag scaipeadh ráflaí, bréaga nó cúlchaint chun ainm duine a ghortú	<i>Denigration:</i> <i>Spreading rumors, lies or gossip to hurt a person’s reputation</i>
Ciapadh: teachtaireachtaí mailíseacha conaitheacha a chur chuig duine	<i>Harassment:</i> <i>Continually sending vicious, mean or disturbing messages to an individual</i>
Ag déanamh aithrise: teachtaireachtaí maslacha, ionsaitheacha a chur faoi ainm dhuine eile	<i>Impersonation:</i> <i>Posting offensive or aggressive messages under another person’s name</i>
Gríosú: ag baint úsáid as focail theasa nó gáirsiúla chun troid a thosnú ar líne	<i>Flaming:</i> <i>Using inflammatory or vulgar words to provoke an online fight</i>
Cleasaíocht: duine a mhealladh le heolas phearsanta a roinnt leat & ansin é a chuir ar líne	<i>Trickery:</i> <i>Fooling someone into sharing personal information which you then post online</i>
Outing: ag cur eolais nó íomhánna atá faoi rún nó contúirteach le fáil	<i>Outing:</i> <i>Posting or sharing confidential or compromising information or images</i>
Eisiamh: duine a choinneáil amach ó ghrúpa ar líne d’aon ghnó	<i>Exclusion:</i> <i>Purposefully excluding someone from an online group</i>
Cibearleanúint: Aithisiú agus ciapadh leanúnach a chuireann faitíos ar dhuine dá s(h)lándáil féin	<i>Cyber stalking:</i> <i>Ongoing harassment and denigration that causes a person considerable fear for his/her safety</i>
Glaochanna gutháin ciúin	<i>Silent phone calls</i>
Glaochanna gutháin maslacha	<i>Abusive phone calls</i>
Téacsanna maslacha	<i>Abusive text messages</i>
Ríomhphoist maslacha	<i>Abusive email</i>
Cumarsáid maslach ar na línte sóisialacha m.sh Facebook/Ask.fm/Twitter/You Tube nó cluichí ildhuine ar líne	<i>Abusive communication on social networks e.g. Facebook/Ask.fm/ Twitter/You Tube or on online multiplayer games</i>
Tagairtí/pictiúir/blaganna maslacha ar líne	<i>Abusive website comments/Blogs/Pictures</i>
Focail Maslacha ar aon sort teicneolaíocht cumarsáide	<i>Abusive posts on any form of communication technology</i>

Bulaíocht Bunaithe ar fhéiniúlacht <i>Identity Based Behaviours</i>	
Ina measc aon cheann de na naoi bhforas idirdhealaithe luaite i Reachtaíocht Cothromaíochta. (inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creideamh, aois, míchumas. cine, bheith i do bhall den Lucht Siúil) <i>Including any of the nine discriminatory grounds mentioned in Equality Legislation (gender, civil status, family status, sexual orientation, religion, age, disability, race and membership of the Traveller community).</i>	
Hómafóbach agus Trasfóbach <i>Homophobic and Transgender</i>	
Ag scaipeadh scéalta mar gheall ar chlaonadh gnéis dhuine éigin	<i>Spreading rumours about a person's sexual orientation</i>
Achasán a chaitheamh le duine de bharr claonadh gnéis	<i>Taunting a person of a different sexual orientation</i>
Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine	<i>Name calling</i>
Bagairt nó ionsaithe fisiciúla	<i>Physical intimidation or attacks</i>
Bagairt	<i>Threats</i>
Cine, náisiúntacht, cúlra eitneach agus bheith i do bhall den Lucht Siúil <i>Race, nationality, ethnic background and membership of the Traveller community</i>	
Géarchúis, claontuairim, cuntais nó masla ó thaobh dhath, náisiúntacht, cultúr, aicme sóisialta, reiligiúin, cúlra eitneach nó lucht siúil	<i>Discrimination, prejudice, comments or insults about colour, nationality, culture, social class, religious beliefs, ethnic or traveller background</i>
Eisiamh ar aon cheann de na cúiseanna thuas	<i>Exclusion on the basis of any of the above</i>
Caidreamh bulaíochta <i>Relational Bullying</i> Caidreamh a ionramháladh chun bulaíochta a dhéanamh. <i>This involves manipulating relationships as a means of bullying.</i>	
Cúlchaint mailíseach	<i>Malicious gossip</i>
Aonrú & eisiamh	<i>Isolation & exclusion</i>
Neamhaird	<i>Ignoring</i>
Eisiamh ón ngrúpa	<i>Excluding from the group</i>
Ag tógáil cairde ó dhuine	<i>Taking someone's friends away</i>
Bitcheáil	<i>Bitching</i>
Ag scaipeadh ráflaí	<i>Spreading rumours</i>
Ag insint rún	<i>Breaking confidence</i>
Ag caint os ard ionas go gcloisfeadh an duine thú	<i>Talking loud enough so that the victim can hear</i>
An "fhéachaint"	<i>The "look"</i>
Ag glaoch ainmneacha ar nós "saoithín" go maslach ar dhuine	<i>Use of terminology such as 'nerd' in a derogatory way</i>
Gnéasach <i>Sexual</i>	
Léiriú nó teagmháil gnéasach nach bhfuil oiriúnach nó fáiltithe	<i>Unwelcome or inappropriate sexual comments or touching</i>
Ciapadh	<i>Harassment</i>
Riachtanais Oideachais Speisialta/Míchumas <i>Special Educational Needs/Disability</i>	
Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine	<i>Name calling</i>
Achasán a chaitheamh le duine de bharr míchumais nó riachtanais foghlama	<i>Taunting others because of their disability or learning needs</i>
Buntáiste a bhreith ar easpa cumais dhuine bulaíocht a aithint nó é/í féin a chosc uaithe	<i>Taking advantage of some pupils' vulnerabilities and limited capacity to recognise and defend themselves against bullying</i>
Buntáiste a bhreith ar easpa cumais dhuine	<i>Taking advantage of some pupils' vulnerabilities</i>

cúrsaí sóisialta nó leideanna sóisialta a thuiscint	<i>and limited capacity to understand social situations and social cues.</i>
Aithris a dhéanamh ar mhíchumas dhuine	<i>Mimicking a person's disability</i>
Ceap magaidh a dhéanamh as duine	<i>Setting others up for ridicule</i>

Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i Roinn 2 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*. Tá liosta de thuarthaí agus comharthaí bulaíochta ar fáil in Agusín 6.

Additional information on different types of bullying is set out in Section 2 of the Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools. A list of Signs and Symptoms of bullying are available in Appendix 6.

4. Múinteoirí Ábhartha *Relevant Teachers*

Seo a leanas na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi: (féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*)

The relevant teachers for investigating and dealing with bullying are as follows:

- Múinteoirí Ranga (*Class Teachers*)
- Múinteoirí Tacaíocht Foghlama/Acmhainne (*Learning Support & Resource Teachers*)
- Príomhoide Tánaisteach (*Deputy Principal*)
- Príomhoide (*Principal*)

Is féidir le múinteoir ar bith feidhmiú mar mhúinteoir ábhartha, mar a oireann sé don chomhthéacs. *Any teacher may act as a relevant teacher if circumstances warrant it.*

5. Straitéisí d'fhonn Iompar Bulaíochta a Chosc *Strategies for Prevention of Bullying Behaviour*

Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear straitéisí a bheidh dírithe go sonrach ar an gcibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht, go háirithe bulaíocht homafóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid sa scoil (Féach Roinn 6.5 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*):

1. Múintear iompar cuí do pháistí na scoile tríd;
 - Éiteas scoile
 - Cluichí Clóis a mhúineadh
 - Tionól Scoile (go rialta)
 - Curaclam Oideachais, Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG), An Clár Misneach agus Fan Slán san áireamh
 - Oideachas Reiligiúnach.
2. Cothaítear féin-mheas i measc na páistí trí dhifriochtaí/gnóthachtálacha aonaracha a cheiliúradh, trí aitheantas agus luaíocht a thabhairt do dhea-iompar agus trí dheiseanna a thabhairt i gcomhar ratha.
3. Cabhraítear le páistí comhbhá a fhorbairt trí mhothúcháin a phlé agus trí iarracht a dhéanamh iad féin a chur in staid daoine eile.
4. Eagraítear seachtain cairdeas gach scoilbhliain. Múintear ceachtanna cuí OSPS i rith na seachtaine seo (Téarma 1 – Deireadh Fómhair)
5. Pléitear polasaí frith-bhulaíochta na scoile go rialta leis na páistí.

6. Leanaimid na moltaí leagtha amach inár gCód Iompair chun dea-iompar a spreagadh.
7. Bíonn baill foirne airdeallach ach go háirithe ó thaobh monatóireacht a dhéanamh ar dhaltá a mheastar a bheith i gcontúirt bulaíochta.
8. Tá baill an Bhoird Bainistíochta ar an eolas faoi pholasaí na scoile ar bhulaíocht agus cuireann siad chun cinn é go gníomhach agus go leanúnach i measc baill foirne, tuismitheoirí/caomhnóirí agus páistí.
9. Cuireann tuismitheoirí/caomhnóirí le polasaí na scoile ar bhulaíocht agus tacaíonn siad leis trí spreagadh a thabhairt d'iompar dearfach sa bhaile agus ag an scoil, trí bheith ar an airdeall do chomharthaí agus do shiomtóim go bhfuil bulaíocht á dhéanamh ar a bpáiste nó go bhfuil sé nó sí ag déanamh bulaíochta ar dhaoine eile, tríd a gcuid inní a chur in iúl don scoil.
10. Forbairt ghairmiúil foirne ar bhulaíocht ionas go bhfuil baill foirne feasach ar bhulaíocht, an tionchar atá aige ar shaol an pháiste agus a gá le haghaidh a thabhairt air - cosc agus idirghabháil.
11. Feasacht scoile a ardú agus traenáil a chur ar fáil ar gach gné den bhulaíocht, ina bhfuil páistí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus an pobal scoile uilig páirteach ann.
12. Polasaí Frithbhulaíochta a fhorbairt agus a chur chun cinn – cóip le bheith ag gach múinteoir agus an polasaí ar fáil/le feiceáil ar shuíomh gréasáin na scoile.
13. Cultúr a chruthú ina n-insíonn na páistí má tá bulaíocht ar siúl, le béim faoi leith orthu siúd a fheiceann iompar bulaíochta. Ba chóir go gcuirfear na páistí ar an eolas nach bhfuil siad ag “insint scéalta” nuair a insíonn siad faoi bhulaíocht ach gur iompar freagrach atá ann.
14. Cinntiú go bhfuil a fhios ag na páistí an duine agus an modh is fearr leis an eolas a thabhairt:
 - Labhairt leis an múinteoir ag am oiriúnach, mar shampla, tar éis am scoile
 - Nóta a thabhairt don mhúinteoir leis an obair bhaile
 - Glaoch gutháin a chuir ar an scoil
 - Iarr ar thuismitheoir/caomhnóir nó cara é a rá leis/léi
 - Cinntiú go bhfuil a fhios ag páistí a fheiceann iompar bulaíochta nó a bhfuil eolas acu faoi bhulaíocht an tábhacht a bhaineann le scéal a chur chuig an múinteoir.
15. Clár bunleibhéil na nGardaí bunaithe ar OSPS a chur i bhfeidhm sa scoil.
16. Déanfaidh an scoil macnamh faoi leith ar na riachtanaisí breise a d'fhéadfadh a bheith ag páiste le riachtanaisí speisialta oideachais nuair atá na cláracha seo á gcur i bhfeidhm agus na scileanna agus stráitéisí oiriúnacha a mhúineadh ionas gur féidir leis an bpáiste dul i ngleic leis an ábhar.

The education and prevention strategies (including strategies specifically aimed at cyber- bullying and identity-based bullying including in particular, homophobic and transphobic bullying) that will be used by the school are as follows (see Section 6.5 of the Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools):

1. *Acceptable behaviour is taught to school children through;*
 - a. *School Ethos*
 - b. *Teaching yard games*
 - c. *Regular school assembly*
 - d. *The Social, Personal and Health Education (SPHE) Curriculum including Stay Safe, Walk Tall and Relationships and Sexuality Education (RSE)*
 - e. *Religious Education.*
2. *Positive self-esteem is fostered among the pupils by celebrating individual differences/achievements, by acknowledging and rewarding good behaviour and by providing opportunities for success.*
3. *Pupils are helped to develop empathy by discussing feelings and by trying to put themselves in the place of others.*
4. *Every school year we arrange a friendship week. Suitable S.P.H.E. lessons are taught during this week. (Term 1 – October)*
5. *The school's anti-bullying policy is discussed regularly with the pupils.*

6. *We follow the guidelines as laid down in our Code of Behaviour to promote good behaviour.*
7. *Staff are particularly vigilant in monitoring pupils who are considered at risk of bullying/ being bullied.*
8. *Members of the Board of Management are familiar with the school's policy on bullying and actively promote it on an ongoing basis among staff, parents and pupils.*
9. *Parents contribute to and support the school's policy on bullying by encouraging positive behaviour both at home and at school, by being vigilant for signs and symptoms that their child is being bullied or is bullying others, by communicating concerns to the school.*
10. *Whole staff professional development on bullying to ensure that all staff develop an awareness of what bullying is, how it impacts on pupils' lives and the need to respond to it – prevention and intervention.*
11. *School-wide awareness raising and training on all aspects of bullying, to include pupils, parent(s)/guardian(s) and the wider school community.*
12. *Development and promotion of the Anti-Bullying policy for the school – each teacher will have a copy of the policy and it will also be available for all on the school website.*
13. *Encourage a culture of telling, with particular emphasis on the importance of bystanders. In that way pupils will gain confidence in 'telling'. This confidence factor is of vital importance. It should be made clear to all pupils that when they report incidents of bullying they are not considered to be telling tales but are behaving responsibly.*
14. *Ensuring that pupils know who to tell and how to tell, e.g.;*
 - *Direct approach to teacher at an appropriate time, for example after class*
 - *Hand note up with homework*
 - *Make a phone call to the school*
 - *Get a parent(s)/guardian(s) or friend to tell on his/her behalf*
 - *Ensure bystanders understand the importance of telling if they witness or know that bullying is taking place.*
15. *Delivery of the Garda SPHE Programmes at primary level.*
16. *The school will specifically consider the additional needs of SEN pupils with regard to programme implementation and the development of skills and strategies to enable all pupils to respond appropriately.*

6. Nósanna Imeachta Inscrúdaithe agus Deileála i gcásanna Bulaíochta ***Procedures for investigating and dealing with Bullying***

Is é an phríomhaidhm atá leis na nósanna imeachta fiosracha agus déileála i gcásanna bulaíochta ná aon cheist neamhréitithe a réiteach agus an gaol idir na páirtithe i dtrácht a chur ar ais mar a bhí sé a mhéid agus is féidir (seachas milleán a chur).

Seo a leanas straitéisí na scoile chun iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thaifeadadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta (Féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*):

Taifead ar iompar bulaíochta

Is riachtanas í go bhfuil eolas fíriciúil sa taifead agus nach bhfuil siad claonta ar thaobh amháin nó ar thaobh eile. Seo a leanas na nósanna imeacht scoile maidir le hiompar bulaíochta a thaifead is a thuairisc;

Neamhfhoirmeálta – réamhchinneadh ar bhulaíocht

- Caithfidh foireann na scoile cuntas a choiméad ar an heachtraí a chonaic siad nó a cuireadh in iúl dóibh. Caithfidh siad na cuntaisí seo a choiméad sa Dialann Eachtraí a bhíonn ag gach múinteoir agus coinnítear na dialanna sin ag deireadh na bliana. Caithfear gach eachtra a chuir in iúl don mhúinteoir ábhartha. Déantar eachtraí a chlárú i bhFilteán na nEachtraí a coinnítear san oifig má bhíonn patrún leanúnach le feiceáil nó más mór-eachtra atá i gceist.
- Caithfidh an múinteoir ábhartha imscrúdú a dhéanamh ar agus déileáil le gach tuairisc ar bhulaíocht, tuairiscí gan ainm san áireamh. Is gá dó/di cuntas scríofa a choiméad ar thuairiscí faighte, na gníomhartha glactha agus ar aon chomhrá a bhí aige/aici leo siúd atá bainteach leis (Aguisín 3)
- Is gá don mhúinteoir ábhartha an príomhoide a chur ar an eolas maidir le heachtraí atá faoi imscrúdú.

Céim Foirmeálta – cinneadh gur tharla bulaíocht

- Má aimsíonn an múinteoir ábhartha gur tharla bulaíocht, caithfidh sé/sí an tuairisc taifid in Aguisín 4 a líonadh isteach. Cabhróidh seo leis/léi na deacrachtaí a réitiú agus an caidreamh a dheisiú chomh fada agus is féidir leis/léi
- Nuair a úsáidtear an tuairisc taifid, caithfidh an múinteoir ábhartha sin é a choiméad in áit slán sa seomra ranga leis an bhfilteán a théann ar aghaidh le Leabhar na nEachtraí agus coiméadann an príomhoide cóip de. Coiméadfar cóip seo in áit slán sa scoil go dtí go sroicheadh na páistí a luaitear sa taifead 21 bliain d'aois.

Iompar Bhulaíochta a Thuairisc

- Is féidir le haon pháiste nó tuismitheoir/caomhnóir eolas a thabhairt d'aon mhúinteoir maidir le heachtra bulaíochta
- Is gá don mhúinteoir ábhartha fiosrú a dhéanamh maidir le haon tuairisc a thagann, fiú más tuairisc anaithnid atá ann
- Is gá do mhúinteoirí agus do na baill foirne nach múinteoirí iad aon eachtra bulaíochta a fheiceann siad nó a luaitear leo a chur in iúl don mhúinteoir ábhartha.

Fiosrú agus Déileáil le heachtraí: (Féach cuid 6.8.9)

- Agus imscrúdú ar bhulaíocht á dhéanamh, nó nuair a bhítear ag déileáil le bulaíocht, feidhmeoidh an múinteoir a b(h)reithiúnas gairmiúil chun a chinneadh cibé an ndearnadh bulaíocht agus conas ab fhearr déileáil leis an bhfadhb
- Ní mór do thuismitheoirí agus do dhaltaí comhoibriú le haon imscrúdú agus cabhrú leis an scoil aon cheist bhulaíochta a réiteach agus an caidreamh a bhíodh idir na páirtithe atá bainteach leis an mbulaíocht a chur ar ais mar a bhí sé, a mhéid agus is féidir
- Ba cheart cur chuige fadhbréitigh atá socair agus neamhmhothúcháanach a bheith ag múinteoirí agus iad ag déileáil le líomhaintí d'iompar bulaíochta
- Is fearr de ghnáth eachtraí a imscrúdú lasmuigh den seomra ranga chun príobháideacht gach duine atá bainteach leis a chosaint
- Ba cheart gach agallamh a dhéanamh go hígogair ag féachaint do chearta gach dalta i dtrácht. D'fhéadfadh daltaí nach bhfuil baint dhíreach acu leis an mbulaíocht eolas úsáideach a sholáthar in agallamh mar sin
- Agus anailís á déanamh ar eachtraí d'iompar bulaíochta, ba cheart don mhúinteoir ábhartha freagraí a lorg ar na ceisteanna céard, cá háit, cathain, cén duine nó cé na daoine, agus cad chuige? Ba cheart na ceisteanna sin a chur go ciúin síochánta, chun sampla a thabhairt den tslí le déileáil le coimhlint go héifeachtach neamhionsaitheach

- Má bhíonn grúpa i gceist, ba cheart agallamh a chur ar gach duine den ghrúpa go haonarach. Ba cheart labhairt leis an ngrúpa ar fad a bhí i mbun iompair bhulaíochta ina dhiaidh sin. Ag an gcruinniú grúpa, ba cheart a iarraidh ar gach ball cuntas a thabhairt ar an méid a chonaic sé/sí le bheith cinnte go gcloiseann an grúpa ar fad cuntais a chéile
- Ba cheart tacú le gach ball sa ghrúpa i bhfianaise na mbrúnna a d'fhéadfadh baill eile sa ghrúpa a chur orthu tar éis an agallaimh leis an múinteoir
- D'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach nó cabhrach iarraidh ar na daoine a bhí bainteach leis an eachtra a gcuntas ar an eachtra a scríobh síos
- Ba chóir don mhúinteoir taifead a choimeád de thuairiscí na bpáistí
- I gcásanna ina gcinneann an múinteoir ábhartha go ndearnadh bulaíocht, ba cheart teagmháil a dhéanamh, a luaithe agus is féidir, le tuismitheoirí na páirtithe i dtrácht chun iad a chur ar an eolas faoin scéal agus na bearta a dhéanfar, mar atá leagtha síos i gCuid 7, a mhíniú doibh
- Ba cheart go dtabharfadh an scoil deis phlé do na tuismitheoirí ar shlite ina bhféadfaí bearta na scoile agus an tacaíocht do na daltaí a athneartú nó a mhéadú
- I gcás ina gcinneann an múinteoir ábhartha go raibh dalta ag gabháil d'iompar bulaíochta, ba cheart é a chur ar a s(h)úile di/dó go soiléir gur sháraigh sí/sé polasaí frithbhulaíochta na scoile agus ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun go bhféachfadh sé/sí an scéal ó thaobh an dalta a bhfuil an bhulaíocht á dhéanamh air nó uirthi
- Ní mór é a bheith soiléir don uile dhuine atá bainteach leis (gach grúpa daltaí agus tuismitheoirí) in aon chás ina mbíonn gá le smachtú, gur ceist phríobháideach é idir an dalta atá á smachtú, a tuismitheoirí nó a thuismitheoirí agus an scoil.

Athleanúint agus taifeadadh

- Agus an cinneadh á dhéanamh ag an múinteoir ábhartha, mar chuid dá b(h)reithiúnas profisiúnta, ar tugadh faoin gcás bulaíochta ar bhealach fóna agus oiriúnach, is gá dó/di macnamh dhéanamh ar na nithe seo a leanas;
 - Ar tháinig deireadh leis an iompar bulaíochta
 - Ar socraíodh na deacrachtaí idir na páirtithe chomh fada agus is féidir
 - Ar athchóiríodh an caidreamh idir na páirtithe chomh fada agus is féidir
 - An bhfuil aon aiseolas ó na páirtithe éagsúla, a dtuismitheoirí, an príomhoide nó an príomhoide tánaisteach.
- Ba chóir cruinnithe aonaracha a shocrú leis na páirtithe ina dhiaidh, leis an aidhm ann na páirtithe a thabhairt le chéile níos déanaí má tá an páiste ar a déanadh bulaíocht sásta sin a dhéanamh
- Déanfar monatóireacht ar chúrsaí chun cinntiú go bhfuil an fhadhb réitithe
- Cuirfear an Cód Iompair i bhfeidhm sa chás go mothaíonn an múinteoir ábhartha nó an príomhoide go bhfuil sé críonna sin a dhéanamh
- I gcás go bhfuil bulaíocht fós ag dul ar aghaidh, cuirfear an scéal ar aghaidh chuig Bord Bainistíochta na Scoile
- I gcás nach bhfuil tuismitheoir sásta gur dhéileáil an scoil le cás bulaíochta i gcomhréir leis na gnásanna seo, ní mór gnásanna na scoile maidir le gearán a dhéanamh a chur in iúl don tuismitheoir
- I gcás ina mbaineann an tuismitheoir úsáid as nósanna imeachta na scoile maidir le gearán a dhéanamh agus nach bhfuil sí/sé sásta fós, ní mór don scoil a insint don tuismitheoir go bhfuil sé de cheart aici/aige gearán a dhéanamh le hOmbudsman na Leanaí (www.oco.ie)
- Cuireann an Príomhoide in iúl don Bhord cé mhéid tuairisc chun iompar bulaíochta a thairfeadh atá líonta ón gcruinniú deireannach, más ann dóibh.

The primary aim of these procedures for investigating and dealing with bullying is to resolve any issues and restore, as far as is practicable, the relationships of the parties involved (rather than to apportion blame).

The school's procedures for recording, investigation and follow-up of bullying behaviour and the established intervention strategies used by the school for dealing with cases of bullying behaviour are as follows (see Section 6.8 of the Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools):

Recording of bullying behaviour

It is imperative that all recording of bullying incidents must be done in an objective and factual manner. The school's procedures for noting and reporting bullying behaviour are as follows;

Informal - pre-determination that bullying has occurred

- *All staff must keep a written record of any incidents witnessed by them or notified to them. These records will be kept in the Incidents Diary that is kept by each teacher and kept at the end of each year. All incidents must be reported to the relevant teacher. Incidents are recorded in the Incidents Book which is kept in the office if a pattern is noted or if the incident warrants it.*
- *While all reports, including anonymous reports of bullying must be investigated and dealt with by the relevant teacher, the relevant teacher must keep a written record of the reports, the actions taken and any discussions with those involved regarding same*
- *The relevant teacher must inform the principal of all incidents being investigated.*

Formal Stage - determination that bullying has occurred

- *If it is established by the relevant teacher that bullying has occurred, the relevant teacher must complete the recording report at **Appendix 4** which will assist his/her efforts to resolve the issues and restore, as far as is practicable, the relationships of the parties involved*
- *When the recording report is used, it must be retained by the relevant teacher in a secure place in his/her classroom in the folder that is handed to the next class teacher with the Incident Book. The Principal retains a copy of this report in a secure place in the school until all the children referred to reach the age of 21.*

Reporting bullying behaviour

- *Any pupil or parent(s)/guardian(s) may bring a bullying incident to any teacher in the school*
- *All reports, including anonymous reports of bullying, will be investigated and dealt with by the relevant teacher*
- *Teaching and non-teaching staff such as secretaries, special needs assistants (SNAs), caretakers, cleaners must report any incidents of bullying behaviour witnessed by them, or mentioned to them, to the relevant teacher.*

Investigating and addressing incidents: Style of approach (see section 6.8.9)

- *In investigating and dealing with bullying, the (relevant)teacher will exercise his/her professional judgement to determine whether bullying has occurred and how best the situation might be resolved*
